An Ciste Rialtais Áitiúil

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoibhráid Thithe an Oireachtais

Tá cuntais an Chiste Rialtais Aitiúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoi réir an Achta Rialtais Áitiúil, 1998.

Cuimsítear sa Chuntas, a ullmhaíodh de réir an Achta, na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach.

Tá an Roinn freagrach as an gCuntas a ullmhú agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Is í an fhreagracht atá ormsa an Cuntas a iniúchadh de réir na riachtanas dlíthiúil agus rialála ábhartha agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (an Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim an bhfuil an Cuntas curtha le chéile i gceart de réir an Achta. Tuairiscím freisin ar coimeádadh leabhair chuntais chuí i mo thuairimse. Lena chois sin, dearbhaím an gcomhaontaíonn an Cuntas leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar chás ábhartha ar bith mar nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na gcríoch beartaithe nó mar nach réitíonn na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuaraiscím freisin más amhlaidh nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir atá ríachtanach chun críocha mo iniúchta.

An Bunús le Tuairim an Iniúchta

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar an gCuntas de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (an Ríocht Aontaithe agus Éire) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta agus i dtaca leis na nithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena gcúrsaí bainistíochta agus feidhmithe. Is sainchuid den iniúchadh scrúdú ar bhonn tástála a dhéanamh ar an bhfianaise a bhaineann leis na méideanna agus leis na fáisnéisithe agus le rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá sa Chuntas. Cuimsítear ann chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breitheanna suntasacha a rinneadh agus an Cuntas á ullmhú, agus féachann sé an oireann na polasaithe cuntasaíocha do thoscaí an Chiste, an bhfeidhmítear iad go comhsheasmhach agus an bhfoilsítear iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnta ann go bhfuil an Cuntas slán ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile ba chúis leis. Agus mé ag teacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht freisin ar a shásúla go foriomlán is a cuireadh an fhaisnéis i láthair sa Chuntas.

Tuairim

Is é mo thuairim go léiríonn an Cuntas comhardú an Chiste mar is cuí, de réir an Achta, ar 31 Nollaig 2006, agus comhardú na n-idirbheart don bhliain dar chríoch ansin.

Is é mo thuairim gur choimeád an Roinn leabhair chuntais chuí. Comhaontaíonn an Cuntas leis na leabhair chuntais.

John Purcell
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
31 Nollaig 2007

Nótaí ar na Cuntais (ar lean)

17. Mótarcháin atá dlite ar na hÚdaráis Áitiúla

Léiríonn sé seo dliteanas glan na nÚdarás Áitiúil i leith an Chiste maidir le Mótarcháin ar 31 Nollaig 2006. Is é atá ann:

Mótarcháin a bhí dlite ag deireadh na bliana	€3,558,554
Mótarcháin in airgead tirim a bhí ag gabháil trídan gcóras baincéireachta ag deireadh na bliana	€1,137,253
Iomlán	**€4,695,807**

18. Féichiúnaithe

Léiríonn sé seo aisíoc ús a bhain de dhearmad í 2007 agus ró-iocaíocht a rinne amach deanach i 2006 le baincéir an Chiste Rialtais Áitiúil le hÚdarás Áitiúil a aisíocadh leis an Chiste go luath í 2007.

19. Fabhruithe

Léiríonn sé seo dliteanais fhabhraithe mar a leanas:

Bóithre Neamhnáisiúnta	€5,109,959
Grúpscéimeanna Uisce	€2,090,446
Treoir-Sheirbhís Maor Pobail	€482,291
Riarachán an Aonaid Chláraithe Feithlicí	€199,173
Comhpháirtiocht Áitiúil - An Clár Corparáide MBA um Rialtas Áitiúil	€77,478
Feabhas agus nuachóireacht a chur ar an Comhairle Seirbhísí Dóiteáin	€22,571
Eile – Comhairle Chontae an Lú	€283,080
Eile - Córais Costasach d'Údaráis Áitiúla	€8,040
Iomlán	**€8,273,038**

Nótaí ar na Cuntais (ar lean)

12. Riarachán Ceadúnaithe Tiománaí

Le héifeacht ó 1 Eanáir, 2003 aistríodh feidhm riarachán na gceadúnas tiomána ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chuig an Aire Iompair. Tharraing an tAire Iompair caiteachas de €370,458 i dtaca le riarachán na gceadúnas tiomána in 2006.

13. An Ciste Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí

Léiríonn an caiteachas seo costais a tharraing agus a d'éiligh Údaráis Áitiúla maidir leis an gcistiú tionscantach a ghabhann le tionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí a chuireann Údaráis Áitiúla chun cinn.

14. An Ciste Tionscnamh

Soláthraíonn an Ciste Tionscnamh tacaíocht agus gríosadh d'Údaráis Áitiúla chun tabhairt faoi thionscnaimh nua le cur le héifeacht agus le héifeachtúlacht an mhodha ina ndéanann siad a gcuid gnóthaí agus le forbairt a dhéanamh ar chur chuige nua i dtaca le pleanáil gnó.

15. Córais Bhainistíochta Airgeadais

Léiríonn sé seo na costais a tharraing agus a d'éiligh an Bord Seirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil agus Údaráis Áitiúla, chun Córais Bhainistíochta Airgeadais in Údaráis Áitiúla a fheidhmiú.

16. Eile

Soláthraítear cúnamh d'Údaráis Áitiúla agus don Bhord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil le costais tionscadal éagsúil a ghlanadh mar a leanas:

Feabhsú agus Nuachóiriú na Seirbhíse Dóiteáin	€944,818
Pullathomas Landslide, Co. Mayo	€310,000
Cill Mhantáin 400	€200,000
Córais Costasach d'Udaráis Áitiúla	€140,524
Iomlán	**€1,595,342**

Nótaí ar na Cuntais (ar lean)

6. Grúpscéimeanna Uisce

Léiríonn sé seo deontais agus fóirdheontais d'Udaráis Áitiúla agus cúnamh airgeadais i leith costais riaracháin a bhaineann le soláthairtí uisce tuaithe.

7. Clár na dToghthóirí

Léiríonn an caiteachas seo íocaíochtaí a rinneadh le hÚdaráis Áitiúla le haghaidh an Clár na dToghthóirí a thabhairt suas chun data.

8. Comhpháirtiocht Áitiúil

Léiríonn an caiteachas seo na costais a tharraing agus a d'éiligh an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus Údaráis Áitiúla maidir le tionscnaimh Comhpháirtíochta Áitiúla mar a leanas:

Deontas Comhpháirtíochta Rialtais Áitiúil	€4,350,000
Clár Ceannasaíochta an Fhorais Riaracháin	€66,000
An Clár Corparáide MBA um Rialtas Áitiúil	€479,202
Iomlán	**€4,895,202**

9. Bearta um Chuimsiú Sóisialta

Léiríonn an caiteachas seo na costais a tharraing agus a d'éiligh Údaráis Áitiúla maidir le haonaid um chuimsiú sóisialta a chur ar fáil agus maidir le bearta um chuimsiú sóisialta i réimsí chlár RAPID.

10. Treoir-Sheirbhís Maor Pobail

Léiríonn an caiteachas seo costais a tharraing agus a d'éiligh Údaráis Áitiúla i leith Treoir-Sheirbhís Maor Pobail a sholáthraíonn réimse d'fheidhmeanna pobail agus d'fheidhmeanna eile i gceantar cúig údarás áitiúil.

11. Ionaid Ilfhreastail

Léiríonn an caiteachas seo na costais a tharraing agus a d'éiligh Údaráis Áitiúla maidir le hIonaid Ilfhreastail a sholáthar ina gcuirtear ar fáil seirbhísí poiblí ag roinnt gníomhaireachtaí san earnáil phoiblí ar bhonn comhtháthaithe atá dírithe ar riachtanais an chustaiméara.

Nótaí ar na Cuntais

1. Ioncam Mótarchánach

Léiríonn an figiúr seo an t-ioncam ó na hÚdaráis Mhótarchánach tar éis aisíocaíochtaí a chur san áireamh.

Ioncam Comhlán Mótarchánach	€879,504,762
Aisíocaíochtaí	€1,243,639
Ioncam Glan Mótarchánach	**€878,261,123**

2. Cistiú an Státchiste

Léiríonn an figiúr seo íocaíocht ó airgead a sholáthraíonn an tOireachtas faoi fhoráil Alt 4 den Acht Rialtais Áitiúil 1998. Cinneann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, dá dheoin an t-Aire Airgeadais, an tsuim in aghaidh na bliana, ag cur san áireamh aon athruithe ar fheidhmeanna na nÚdarás Áitiúil nó ar mhéideanna a gcaiteachas i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna sin, arbh fhéidir a tharlú sa bhliain airgeadais roimhe sin. Forálann an tAcht chomh maith nach mbeidh an íocaíocht seo níos lú ná €342,829,281 arna coigeartú de réir athruithe ar an Treoiruimhir Praghsanna do Thomhaltóirí ó 1998 i leith. Ba é €454,934,456 an t-íosmhéid a bhí riachtanach in 2006.

3. Íocaíochtaí Ilfheidhmeacha

Léiríonn an figiúr seo leithdháiltí d'Údaráis Áitiúla i leith na bliana dar chríoch 31 Nollaig, 2006, agus cuirtear san áireamh ann an múnla um chomhionannú riachtanas agus acmhainní a fheidhmíonn an Roinn. Íoctar costais na nÚdarás Mótarchánach as an gCiste agus áirítear iad faoin gceannteideal seo.

4. Bóithre Neamhnáisiúnta

Léiríonn sé seo íocaíochtaí a deineadh leis na hÚdaráis Áitiúla as an gCiste i gcabhair ar chostais a bhaineann le Clár na mBóithre Neamhnáisiúnta. Lena chois sin, íocadh €76,030,000 in 2006 le hÚdaráis Áitiúla as Vóta 25 – Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil – i dtaca leis an gClár.

5. Riarachán an Aonaid Chláraithe Feithlicí

Léiríonn sé seo an tsuim atá inmhuirir ar an gCiste i leith chaiteachas na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar Cheadúnú Feithiclí agus Tiománaithe faoi réir Alt 6(5) den Acht Rialtais Áitiúil 1998. Ba é Aonad Cláraithe Feithiclí na Roinne, atá lonnaithe i mBaile na Sionainne, Co. An Chláir, a tharraing an caiteachas (féach freisin Nóta 19).

An Ciste Rialtais Áitiúil
Clár Comhardaithe ar 31 Nollaig, 2006

	Nótaí	2006		2005	
		€	€	€	€
Sócmhainní Reatha					
Banc		62,207,062		58,848,164	
Mótarcháin dlite	17	4,695,807		3,606,439	
Féichiúnaithe	18	192,469		-	
Ús Fabhraithe		16,442		7,373	
		67,111,780		**62,461,976**	
Dliteanais Reatha					
Fabhrú	19	8,273,038		1,262,526	
		8,273,038		**1,262,526**	
Glan-sócmhainní			**58,838,742**		**61,199,450**
Arna léiriú mar Bharrachas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais			**58,838,742**		**61,199,450**

Tá an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta ar Leathanach 1 agus na Nótaí 1 go dtí 19 ina gcuid de na Cuntais seo.

Sínithe Geraldine Tallon **Dáta** 21/12/07

G. Tallon
Ard-Rúnaí

An Ciste Rialtais Áitiúil
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
don Bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2006

Ioncam	**Nótaí**	**2006**	**2005**
		€	€
Ioncam Mótarchánach	1	878,261,123	800,018,337
Cistiú ón Státchiste	2	532,575,000	500,575,000
Ús Bainc		3,454,061	2,288,013
		1,414,290,184	**1,302,881,350**
Caiteachas			
Íocaíochtaí Ilfheidhmeacha atá dlite d'Údaráis Áitiúla	3	884,853,776	826,759,971
Bóithre Neamhnáisiúnta	4	481,700,000	440,840,000
Riarachán an Aonaid Chláraithe Feithiclí	5	18,163,173	16,577,542
Grúpscéimeanna Uisce	6	15,041,594	12,136,398
Clár na dToghthóirí	7	5,126,525	-
Comhpháirtíocht Áitiúil	8	4,895,202	4,337,045
Bearta um Chuimsiú Sóisialta	9	1,843,890	1,070,602
Treoir-Sheirbhís Maor Pobail	10	1,682,873	767,633
Ionaid Ilfhreastail	11	1,270,000	-
Riarachán Ceadúnaithe Tiománaí	12	370,458	448,779
An Ciste Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí	13	106,787	502,279
An Ciste Tionscnamh	14	1,272	159,037
Córas Bhainistíochta Airgeadais	15	-	630,612
Eile	16	1,595,342	337,720
		1,416,650,892	**1,304,567,618**
Barrachas / (Caillteanas) don Bhliain		(2,360,708)	(1,686,268)
Barrachas carnach ar 1 Eanáir		61,199,450	62,885,718
Barrachas ar 31 Nollaig		**58,838,742**	**61,199,450**

Tá an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta ar Leathanach 1 agus na Nótaí 1 go dtí 19 ina gcuid de na Cuntais seo.

Sínithe Geraldine Tallon **Dáta** 21/12/07

G. Tallon
Ard-Rúnaí

Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil 2006

- **Ginearálta**

  Bunaíodh an Ciste Rialtais Áitiúil leis an Acht Rialtais Áitiúil 1998. Bunaíodh an Ciste le feidhm ó 1 Eanáir, 1999.

  Íoctar na fáltais ó mhótarcháin (glan ó aisíochtaí) agus cion tairbhe ón Státchiste isteach sa Chiste.

  Ullmhaíodh an tacar cuntas seo don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2006.

  Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn fabhruithe.

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

1. Léiriú Ioncaim

Léiríonn ioncam mótarchánach suimeanna a bhailíonn na hÚdaráis Mhótarchánach agus atá dlite don Chiste, faoi réir Alt 5 (2) den Acht Rialtais Áitiúil 1998. Léirítear ús bainc ar bhonn fabhruithe. Léirítear cistiú ón Státchiste ar bhonn fáltais airgid.

2. Léiriú Caiteachais

Léirítear caiteachas ón gCiste ar bhonn:

- leithdháiltí a áirítear a bheith dlite d'Údaráis Áitiúla in 2006;
- aisíochtaí atá dlite don Aonad Cláraithe Feithiclí ó chuntas an Chiste;
- aisíochtaí caiteachais ar scéimeanna faofa maidir le Bóithre Neamhnáisiúnta agus le Grúpscéimeanna Uisce; agus
- caiteachas atá údaraithe ag an Aire agus tarraingthe ag Údaráis Áitiúla.

CUNTAIS AN CHISTE
RIALTAIS ÁITIÚIL – 2006
AGUS
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE
CUNTAS AGUS CISTE

© Rialtais na hÉireann 2008

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
(Teil: 01 - 6476834 / 35 / 36 / 37; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

———————

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
51 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2,
(Tel: 01 - 6476834 / 35 / 36 / 37; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

———————

€4.00

Prn A8 / 0410